Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2020/2017(INI)

21.4.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

maidir leis an intleacht shaorga san oideachas, sa chultúr agus san earnáil chlosamhairc
(2020/2017(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Maria da Graça Carvalho

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go bhfuil an comhionannas inscne ina chroíphrionsabal de chuid an Aontais Eorpaigh agus go gcumhdaítear é sna Conarthaí, agus gur cheart go mbeadh sé léirithe i ngach beartas AE, agus go háirithe san oideachas, sa chultúr agus san earnáil chlosamhairc;

B. de bhrí go ndearnadh neamhionannais inscne agus idirdhealú a athchruthú trí dhearadh, ionchur agus úsáid chórais intleachta saorga (IS); de bhrí gur féidir le tacair sonraí agus claontacht mhícheart saobhadh a dhéanamh ar réasúnú na gcóras IS, agus an comhionannas inscne sa tsochaí a chur i mbaol;

C. de bhrí go ndéantar neamhionannais inscne a chruthú agus a athchruthú freisin tríd an teanga agus na híomhánna a scaipeann na meáin agus feidhmchláir atá cumhachtaithe ag IS; de bhrí go bhfuil an t-oideachas, cláir chultúrtha agus ábhar closamhairc ina n-uirlisí bunúsacha chun comhrac in aghaidh na steiréitíopaí insce;

D. de bhrí go bhfuil mná tearcionadaithe sna hearnálacha IS, bíodh sin mar chruthaitheoirí nó mar thomhaltóirí; de bhrí gur féidir le scileanna, eolas agus cáilíochtaí na mban i réimsí digiteacha, IS agus TFC (teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide) rannchuidiú le geilleagar na hEorpa a spreagadh; de bhrí nach ndéanann mná suas ach 22 % de ghairmithe IS ar fud an domhain; de bhrí nach é amháin go gcuireann easpa ban i bhforbairt IS leis an mbaol go dtarlóidh claontacht, ach baineann freisin sé ó thallann, ó fhís agus ó acmhainní AE, agus dá bhrí sin tá sé ina bhac ar an nuálaíocht;

1. á mheas go bhfuil a lán deiseanna ag baint le IS chun an comhionannas inscne a chur chun cinn ar choinníoll go mbaintear na claontachtaí comhfhiosacha agus neamh-chomhfhiosacha; á chur i bhfáth nach mór do IS prionsabail agus luachanna an chomhionannais agus an neamhidirdhealaithe idir mná agus fir a urramú; ag cur i bhfáth, thairis sin, an tábhacht a bhaineann le cur chuige rioscabhunaithe agus le faireachán leanúnach ar na halgartaim atá ann cheana féin agus algartaim nua;

2. á iarraidh go mbeadh beartais spriocdhírithe ar rannpháirtíocht na mban i réimsí a bhaineann leis an eolaíocht, an teicneolaíocht, an innealtóireacht agus an mhatamaitic (STEM) agus IS, agus ar chur chuige il-leibhéil a ghlacadh chun dul i ngleic leis an mbearna inscne ar gach leibhéal den oideachas agus den fhostaíocht san earnáil dhigiteach;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit IS a chur san áireamh ó dhearcadh na hinscne de nuair atá beartas agus reachtaíocht á bhforbairt, agus, más gá, an reachtaíocht atá ann a chur in oiriúint, lena n-áirítear cláir AE;

4. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta beartais a cheapadh a chuimsíonn go hiomlán an ghné inscne, amhail feachtais ardaithe feasachta, oiliúint agus curaclaim, a chuireann faisnéis ar fáil do shaoránaigh maidir le conas a fheidhmíonn algartaim,

agus a dtionchar ar shaol laethúil na saoránach;

5. ag tabhairt chun suntais an tábhacht a bhaineann le forbairt agus imscaradh fheidhmchláir IS sna hearnálacha oideachais, cultúrtha agus closamhairc i mbailiú sonraí níos beaichte agus atá imdhealaithe ó thaobh inscne de, agus teicnící nua-aimseartha meaisínfhoghlama a chur i bhfeidhm, más gá, chun claontacht steiréitíopa inscne a cheartú, a bhféadfadh tionchair dhiúltacha a bheith aige;

6. ag cur i bhfáth an gá atá le foirne ilghnéitheacha d'fhorbróirí agus d'innealtóirí ag obair taobh leis na príomhghníomhaithe sna hearnálacha oideachais, cultúrtha agus closamhairc chun claontacht inscne agus chultúrtha a chosc, lena n-áirítear algartaim, córais agus feidhmchláir IS.